

Aighneacht Gaeloideachas chuig an Comhchoiste Oideachais agus Scileanna Dúshláin atá roimh Scoileanna Oileáin

Meitheamh 2017

1.1 Réamhfhocal

Is mian Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna mar fhreagairt do chuireadh ar aighneachta faoin anailís a bheidh faoi chúram an Chomhchoiste ar Dhúshláin Scoileanna ar an hOileáin.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis ionchur a bheith acu san anailís seo mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge.

1.2 Ról Gaeloideachas

Bunaíodh Gaeloideachas sa bhliain 1973 mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Tá Gaelscoileanna Teo. ag feidhmiú ó lúil 2014 sa mhór-réimse **Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge**, a chuimsíonn tacaíocht do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Gaeltacht, naíonraí taobh amuigh den Gaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Gaeltacht.

1.3 Na Saincheisteanna

Mar chuid den ullmhú aighneachta, rinne Gaeloideachas teagmháil leis na scoileanna oileáin atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Is ionann sin agus 20 scoil, idir bunleibhéal agus iarbhunleibhéal. Anuas ar sin, cuireadh san áireamh aiseolas ó chruinnithe comhairliúcháin leis na scoileanna seo le linn 2016. Tá a gcuid tuairimí agus moltaí mar bhunús na haighneachta seo.

Díreofar ar na saincheisteanna thíos san aighneacht seo, ar iarratas an Chomhchoiste.

1. Leithroinnt Múinteora;
2. Rochtain ar Fhoireann Mhúinteoireachta agus Foireann Mhúinteoireachta a choinneáil;
3. Nithe a bhaineann le Buiséad;
4. Rollú agus Scoláireachtaí;
5. Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin – Stádas Scoile Neamhspleáiche,
6. Stádas DEIS do Scoileanna ar na hOileáin, agus
7. Inrochtaineacht.

BUNSCOILEANNA

1. Leithdháileadh Múinteora

Tháinig ciorclán nua isteach sa bhliain 2017 (**Ciorclán 0017/2017**) **Bunscoileanna Scoileanna Oileánda le Múinteoir Amháin (i.e. Príomhoide amháin)** a shainíonn sa chás gurb í an bhunscoil an t-aon scoil ar an oileán, is amhlaidh a leithdháilfear an dara múinteoir príomhshrutha don scoil le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017.

Scoileanna Oileánda le Triúr Múinteoirí (i.e. PO+2) Sa chás go gcaillfear an tríú post ranga i scoil oileánda ó laghdú i líon na ndaltaí, is féidir an tríú post a choinneáil, faoi réir líon iomlán na ndaltaí sa scoil bheith os cionn 45, agus gurb í an scoil an t-aon bhunscoil ar an oileán

D'fháiltigh na scoileanna oileáin go mór roimh an chiorclán seo, a thug an faoiseamh dóibh ar go leor leibhéil, ar a n-áirítear sábháilteacht, cumas na scoile an curaclam a chur i bhfeidhm agus riar laethúil níos scoile a bheith níos éifeachtaí.

Luadh na pointí seo a leanas le linn an chomhairliúcháin:-

1. Níl an leithroinnt múinteora sásúil faoi láthair. Tá míchrothromaíocht mhór idir líon na múinteoirí ranga agus líon na bpáistí atá faoina gcúram i scoileanna éagsúla, rud a chruthaíonn éagóir do dhaltaí.
2. Bíonn deacrachtaí ag scoileanna múinteoirí a fháil agus iad a choinneáil. Ní bhaineann an painéal leo mar is oileán iad.
3. Chabhródh na deontais a bhí ar fáil cheanna féin go mór ó thaobh múinteoirí a earcú agus a choinneáil ar na hoileáin

2. Rochtain ar Fhoireann Mhúinteoireachta agus Foireann Mhúinteoireachta a Choinneáil

- a. Tá an méid sin deacrachtaí ag múinteoirí a oibríonn ar oileán atá i bhfad ón mórthír. Ní féidir leo taisteal anseo gach lá, bíonn orthu cónaí ann, rud a chuireann le costais mairceachtála ó thaobh cíosa agus carr.
- b. Níl na roghanna céanna ag na scoileanna ar oileán. Tá sé an-deacair ionadaithe cáilithe a fháil. I scoil le beirt mhúinteoir ranga (le múinteoir tacaíochta foghlama roinnte) níl aon duine fásta eile sa scoil (laethanta) le breathnú amach nó le tacú dá mba rud é gur éirigh múinteoir tinn.
- c. Má bhíonn uaireanta páirtaimseartha ceadaithe, bíonn sé fíor dheacair duine ón mórthír a fháil le taisteal go rialta chun na hoibre sin a chomhlíonadh. Is minic mar sin go gcaithfear na huaireanta a chnuasú. Níl an tsolúbhthacht céanna ag scoileanna ar na hoileáin maidir le na uaireanta a úsáid mar go hiondúil bíonn an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne roinnte idir scoileanna, rud a chuireann srian orthu.
- d. Bíonn deacrachtaí múinteoirí a aimsiú. Is minic nach gcuireann múinteoirí cáilithe ón oileán isteach ar na poist.
- e. Bheadh múinteoirí ón mórthír sásta bliain a chaitheamh ar an oileán sa phost ach chaillfeadh siad a gcearta painéil. Tar éis na bliana, ní fhéadfadh siad filleadh ar an bpainéal. D'ardaigh an IPPN an cheist seo anuraidh ach ní fhuair siad aon fhreagra uirthi.

- f. Tá sé fíor-dheacair cúntóir riachtanais speisialta a fhostú. Níl éinne oilte ar an oileán, beidh ar dhuine teacht ón mhór thír, rud a chruthaíonn deacrachtaí. Tá an dúshlan céanna leis an múinteoir tacaíochta foghlama. Mura mbíonn ach cúpla uair an chloig sa tseachtain ceadaithe tá sé deacair múinteoir a fháil. Cé go moltar na huaireanta a chnuasú níl sé iontach mar chóras thacaíochta leanúnach.

3. Nithe a bhaineann le Buiséad

Bíonn costais breise ar scoileanna oileánda - costais taistil don fhoireann teagaisc agus tacaíochta, lastais, costas chun freastal ar chúrsaí maidir le forbairt ghairmiúil, turas scoile, I measc go leor eile.

4. Rollú agus Scoláireachtaí

- a. Tá líon na ndaltaí ag titim ar na hoileáin. Chomh maith leis na himpleachtaí maidir le postanna, tá páistí ann atá i rang leo féin, rud a d'fhéadfach tionchar a bheith aige ar a gcuid scileanna sóisialta.
- b. De bharr nádúr oileáin, tagann daoine agus imíonn siad go rialta. Fágann sé seo i suíomh leochaileach iad ó thaobh uimhreacha agus cúrsaí pleanála scoile.

5. Stádas DEIS do Scoileanna ar na hOileáin:

- a. Is mór an cúnamh an stádas DEIS, a chabhraíonn leo rudaí a chur ar fáil do na daltaí nach mbeadh ar fáil murach sin, ar nós cúrsaí damhsa, spóirt, srl.
- b. Má tá an stádas DEIS ag scoil oileánda amháin, ba cheart go mbeadh sé ag gach scoil oileánda.
- c. Tá scoileanna a diúltaíodh an stádas dóibh, gan cúis an diúltaithe a bheith soiléir.

6. Inrochtaineacht

- a. Ní fheileann clár ama an bháid farantóireachta clár ama na scoile ó thaobh daoine ag teacht isteach chun na scoile.
- b. Ní féidir bád nó eitleán a chur in áirithe do ghnó na scoile amháin – is gá cloí leis an tseirbhís atá ann. Fágann seo nach féidir turais a eagrú nach dtagann le hamantí na mbád.
- c. Bíonn deacrachtaí taistil agus costais breise le daoine a fháil isteach chun cainte le páistí nó le cúrsaí a chur ar fáil do mhúinteoirí. Níl an deis céanna ag múinteoirí i scoil oileánda freastal ar chúrsaí agus cur lena gcuid scileanna gairmiúla, rud nach bhfuil cóir.

IARBHUNSCOILEANNA

1. Leithdháileadh Múinteora

Níl aon Chiorclán ón ROS a dhéanann tagairt do riachtanais iarbhunscoileanna ar oileáin. Cuireann na h-iarbhunscoileanna ar oileáin iarratas 'Curricular Concessions' nó Tacaíocht Teagaisc Bhreise do bhunriachtanais churaclaim (Lamháltais Churaclaim) isteach gach bliain ar bhun riachtanais scoile. Ceadaithear 1.0 múinteoir breise d'iarbhunscoil ar oileán. Tá feachtas ar bun ag na scoileanna ar na hoileáin faoin ETBI é seo a ardú go 2.5 WTE

- a. Bíonn an leithroinnt múinteoireacht bunaithe ar an líon scoláirí a bhíonn ar an rolla. Ar oileán tá líon na scoláirí an bheag mar sin, lan múnla atá ann faoi láthair ní aithníonn sé an dushlán seo. Tá

- sé dodhéanta curaclam caighdeánach a chur ar fáil do na scoláirí. Ba cheart go mbeadh an deis céanna oideachais ag scoláirí ar oileán agus scoláirí atá ar an mórthír.
- b. Ní bheidh deis roimh ag na scoileanna más dáileadh ó thaobh uimhreacha ar an rolla atá i gceist. Má tá easnamh sa bhfoireann teagaisc, bíonn ar na scoileanna curaclaim tanaí a thairiscint de bharr easpa uaireanta múinteoireachta, gníomh a mhaolaíonn rathúlacht na scoile.
 - c. Níl stádas scoil bheag ag roinnt scoileanna agus mar sin ní fhaigheann na scoileanna beaga seo an 1.0WTE a bhronntar ar scoileanna beaga cé go bhfuil siad ar chuid de na scoileanna is lú sa tír.
 - d. Leis an múnla nua dáileadh ar an 0.9 WTE Tacaíochta Foghlama, níl aon chinnteacht nach mbeidh laghdú i gceist do na scoileanna beaga, gníomh a mbeadh impleachtaí tromchúiseacha aige ar sholáthar tacaíocht Foghlama ins na scoileanna ar oileáin de bharr a méid.
 - e. Tá iarratas déanta go méadófaí leithroinnt múinteoireachta do na scoileanna oileánda ón 1.0 WTE atá ann faoi láthair go dtí 2.5 WTE exquota chomh maith leis an dáileadh easnamhach luaite thuas a thabhairt do na scoileanna atá fágtha ar lár.
 - f. I gcás scoil amháin gur sruth í, tá dúshlán ar leith ann sa mhéid is go bhfuil dhá sheirbhís oideachais ag feidhmiú sa scoil seo (an tseirbhís Ghaeilge agus an tseirbhís bhéarla). Níl siad ag fáil go leor acmhainní breise leis an sruth Gaeilge a réachtáil sa scoil mar ba chóir. Bíonn seo in easnamh i gcónaí agus mar thoradh ar seo, níl na hábhair uilig ar fáil trí mheán na Gaeilge mar shampla Adhmadóireacht, Eacnamaíocht Bhaile, Fraincis agus Ríomhairí.
 - g. Tá sé dodhéanta ionadaithe a fháil a thioctaidh isteach agus amach gach lá. Nuair a bhíonn múinteoir tinn caithfidh an príomhoide (den chuid is mó) agus na múinteoirí eile na ranganna a chlúdach (i bhfad níos mó ná uaireanta ionadaíochta agus feitheoireachta).
 - h. Ní féidir le múinteoir uaireanta a roinnt mar nach mbeidh siad in ann taisteal chuig scoil eile leis na huaireanta a dhéanamh suas.
 - i. Tá feachtas ar bun ag scoileanna oileánda na hÉireann le tacaíocht ó ETBI (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann). Ceann de na mór-éileamh atá acu ná ardú ar dháileadh múinteoirí ex-quota gach scoil oileánda ó 1.0 go 2.5 WTE

1. Rochtain ar Fhoireann Múinteoireachta agus Foireann Múinteoireachta a Choinneáil

- a. Ní oireann se do chuile dhuine cónaí ar oileán agus bíonn sé an-deacair múinteoirí atá inniúil sa Ghaeilge a mhealladh chuig oileán, mar sin is minic go mbíonn athrú foirne ag tarlú go rialta.
- b. Teastaíonn baoite de shaghas chun cuidiú le múinteoirí an costas breise a ghabhann le maireachtáil ar oileán a láimhseáil.
- c. Níl sé réadúil go mbeadh múinteoirí ag íoc as taisteal bád nó eile as a bpócaí féin, gan cúiteamh air.
- d. Iarrtar an liúntas oileánda atá ar fáil ag múinteoirí a bhí fostaithe roimh 2011 a leathnú amach dóibh siúd a tháinig ar bord tar éis 2011. Níl i gceist ach tuairim is deichniúr múinteoir. Is 1,600euro a íoctar leo siúd atá sa chóras ó 2011 mar sin is €16,000 sa mbliain a theastaíonn chun an liúntas oileánda seo a leathnú ar na múinteoirí nua sa chóras.
- e. Tá sé an deacair múinteoirí cáilithe, atá in ann teagasc trí mheán na Gaeilge a mhealladh chuig an oileán. Tá costas breise ag baint leis ar nós taisteal, lóistín agus maireachtála. Go hiondúil bheadh morgáiste ag an múinteoir ar an mórthír agus ansin bheadh orthu cíós a íoc ar a gcuid lóistín ar an oileán.
- f. Bíonn deacrachtaí go leor múinteoirí a aimsiú atá sásta fanacht ar an oileán i rith na seachtaine (agus ag deireadh na seachtaine má bhíonn droch aimsir ann).

- g. Bíonn deacrachtaí againn nó caithfidh gach múinteoir níos mó ná ábhar amháin a theagasc agus ní i gcónaí a bhíonn Gaeilge ag na múinteoirí.
- h. Bíonn sé beagnach dódhéanta freastal a dhéanamh ar chúrsaí, chruinnithe etc agus ar an ábhar sin caillimid amach ar go leor seansanna (Forbairt ghairmiúil, Teastas Nua Sóisearach etc)
- i. Bíonn sé deacair go leor cónaí i bpobal beag agus caithfidh muid a bheith airdeallach i gcónaí faoi shláinte na múinteoirí.
- j. Tá daoine iontach oilte ar an oileán ach de thairbhe nach múinteoirí iad níl cead acu oibriú sa scoil. (cainteoirí dúchais Fraincise, saoir adhmaid, ealaíontóirí, ceoltóirí srl.)
- k. Cúrsaí Inseirbhíse & Tacaíochta: Ó Mheán Fómhair go hAibreán, ní féidir freastal go praiticiúil mar gheall ar chúrsaí aimsire. Bíonn sé deacair ionadaithe a fháil freisin. Bheadh sé níos feiliúnaí do mhúinteoirí an oileáin dá mbeadh cúrsaí inseirbhíse eagraithe ar an Aoine nó ar an Luan.

2. Nithe a bhaineann le Buiséad

Bíonn an costas beagnach dúbailte ar gach rud faoin am a bhfuil sé tugtha chomh fada le oileán agus bíonn siad cráite ag costais taistil agus lastais. Bíonn lóistín thar oíche, nó dhó i gceist chun freastal ar aon imeacht náisiúnta agus tá ár n-uimhreacha ró-íseal chun costas bus agus óstáin a roinnt, mar sin bíonn ar na scoileanna cúiteamh do na costais seo, rud a ídíonn buiséad na scoile.

- a. Teastaíonn buiséad na scoileanna ar oileán a mhéadú €20,000 sa bhreis chun go mbeidh na scoileanna in ann an fíorchostas a bhaineann le scoil ar oileán a laimhseáil.
- b. Tá go leor costas breise nuair atá scoil ar oileán. Tá costas breise ag baint le iompar agus taisteal. Mar shampla chun seirbhís a chur ar an copier, tá costas pá lá iomlán i gceist chun innealtóir a thabhairt chuig an oileán. Tagann sé ag an 9.00 ar maidin agus de bharr nach mbíonn siad in ann imeacht nuair a bhíonn siad críochnaithe gearrann siad táille lae ar dhá/trí uair chloig oibre. Mar sin tá beagnach dúbailte an chostas ar scoil oileánda i gcomparáid le scoil ar an mórthír. Tá forbairt ghairmiúil an chostasach freisin. Go hiondúil is trathnóna a bhíonn go leor de na cúrsaí mar sin ciallaíonn sé sin go mbíonn ar an múinteoir fanacht thar oíche.
- c. Cabhraíonn an buiséad breise atá ag scoileanna DEIS go mór, trí acmhainní agus tacaíochtaí bhreise do na daltaí.
- d. Moltar airgead breise fá choinne teicneolaíochta infheistithe sna scoileanna ar oileáin. Bheadh féidireachtaí ansin do fhíschomhdháil, do chúrsaí a dhéanamh ó chian, ar líne, freastal ar chruinnithe srl
- e. Bíonn costas breise nuair a théann scoláirí agus / nó múinteoirí amach 'na tíre, nó caithfidh siad lóistín a aimsiú nuair nach féidir taisteal amach agus isteach arís in aon lá amháin.
- f. Liúntas Oileáin – Ba cheart é a thabhairt ar ais, chuideodh sé le múinteoirí óga a gcuid costais ar an oileán agus ar an mórthír a chlúdach.
- g. Tá feachtas ar bun ag scoileanna oileánda na hÉireann le tacaíocht ó ETBI (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann).
- h. I measc na n-éileamh tá:
 - a. An Liúntas Teagaisc ar oileán de €1658 a ath-thosú
 - b. An dáileadh airgid neamh-phá a ardú ar a laghad €10,000 sa mbliain do gach scoil

3. Rollú agus Scoláireachtaí

- a. De bharr iargúltaíocht na n-oileán agus iad scoite amach ón mórthír, tá teorainn ar líon na n-uimhreacha de ghasúir áitúla a bheidh sna scoileanna mar sin thug an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta isteach Scéim Scoláireachtaí i 2003 chun tacú le huimhreacha sna scoileanna ar na hoileáin. Seo ceann de na tionscnaí is rathúla agus is tairbhí do phobal na n-oileán Ghaeltachta ní hamháin ó thaobh forbairt teanga de ach ó thaobh fás agus forbairt na scoileanna

agus inmharanthacht na n-Oileáin. Bogann clanna chuig Inis Meáin chun freastal ar an scoil agus le blianta tagann go leor scoláirí againn ar Dheontais do Cheantair Iargúlta a íocann an Roinn Oideachais & Scileanna dóibh siúd nach bhfuil fáil acu ar Oideachais tré Ghaeilge in aice baile.

- b. Tá breis agus tríocha scoláireacht á n-íoc faoi láthair ag an REOGO do scoláirí nach ó cheantair Ghaeltachta iad chun freastal ar scoileanna na n-oileán. Is iad trí scoil Árann a ghlacann páirt sa scéim seo faoi láthair. Seo ceann de na scéimeanna is tairbhí a tugadh isteach do na hoileain riamh, ní amháin ó thaobh sealbhú teanga de ach ó thaobh inmharthanacht na n-oileán a chinntiú freisin.
 - c. Tá iarratas déanta ar an REOGO an líon scoláireachtaí ata ar fáil a dhúbailt go dtí 60 scoláireacht sa bhliain ar chostas €5,000 an scoláireacht.
 - d. Níl aon scoláireachtaí ar fáil ar Oileáin Toraigh go fóill; cuireadh ceist ar an Roinn cupla uair agus gealladh go gcuirfí a leithéid ar fáil don oileán ach níor tharla aon rud fós. Bheadh deis iontach ag scoláirí ón mórtír tamall a chaitheamh ar an oileán; agus chuirfeadh sin go mór le saol sóisialta agus foghlama na scoláirí.
 - e. Ní bhíonn seans againn cúrsaí pobail a reachtáil mar nach bhfuil teagascóirí sásta fanacht ar an oileán, ach dá mbeadh cúrsa maith á reachtáil bheadh daoine (atá ar an dól) breá sásta é a dhéanamh ach maoiniú a fháil agus iad ina bhun.
4. Ní bhíonn seans againn maoiniú a fháil ó chomhlachtaí mar nach bhfuil comhlachtaí ar bith againn, agus bíonn sé an-deacair ag daoine óga printiseacht a aimsiú mar nach bhfuil aithne acu ar dhaoine ata sásta taithí oibre a chur ar fáil dóibh.

5. Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin – Stádas Scoile Neamhspleáiche

Scoil gan stádas ar bith ó thaobh neamhspleáchais de atá ar an bhfód ó 2002. Tháinig plean fadtéarmach don scoil i 2007 agus tugadh isteach cúrsa na hArdteiste. Fostaíodh múinteoirí a bhí sásta a bheith lonnaithe ar an Oileán go lán-aimseartha agus gearradh amach an taisteal chuig Coláiste Cholm Cille Indreabhán. Fostaíodh Mairéad Ní Fhátharta mar mhúinteoir i bhFeighil agus tugadh uasghradú ar an stádas poist seo go dtí Príomhoide Cúnta i 2014.

Tá an scoil seo mar sheoid oideachais agus mar thearmann teanga do ghasúir na tíre agus is í cuisle an phobail ar a bhfreastalaíonn sí. Tá cáil náisiúnta ar an scoil de bharr an méid atá bainte amach aici ach tá an struchtúr bainistíochta faillíoch sa chás nach bhfuil ach duine amháin le post freagrachta i gceannas na scoile, agus ar ndóigh gur ag feidhmiú faoi bhainistíocht agus faoi pholasaí scoil DEIS ar an tír mhór atá an scoil. Tá impleachtaí móra ó thaobh sláinte, sábháilteachta agus ar ndóigh fostaíochta ag baint leis an socrú sealadach seo atá i bhfeidhm le chúig bhliana déag. Teastaíonn aitheantas mar scoil neamhspleách a bhronnadh ar choláiste Eoin don scoil bhliain seo chugainn. [Tá iarratas faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna].

Tá an easpa aitheantas oifigiúil mar scoil mar bhagairt laethúil d'inmharthanacht na scoile. Ní ann do Choláiste Naomh Eoin go hoifigiúil agus níl inti ach páirt de Choláiste Cholmcille, Indreabhán cé gur beag baint atá ag an dá scoil le chéile. Teastaíonn stádas buan neamhspleách ón scoil. Níl ach post amháin bainistíochta sa scoil, post an Phríomhoide Cúnta a ghlacann cúram na scoile go huile agus go hiomlán uirthi féin. Níl raibh riamh le bheith anseo ach socrú sealadach ach chúig bhliana déag ar aghaidh tá cúrsaí mar a chéile. Tá impleachtaí ó thaobh sláinte agus sábháilteacht ag baint leis an gconstaic seo chomh maith le himpleachta fostaíochta, earcú agus forbairt iomlán na scoile. Roinntear uimhir Rolla le Coláiste Cholmcille Indreabhán rud a fhágann nach dtarlaíonn aon

idirdealú idir an dá scoil, gníomh a dhéanann riaradh agus feidhmiú laethúil na scoile fíor dheacair agus anróiteach. Ní oireann an choincheap reatha (bainistiú chianda) ar chor ar bith agus le fás na scoile tá na deacrachtaí ag méadú.

Seo thíos roinnt de na deacrachtaí aitheanta ó thaobh bainistíochta de:

- a. De réir an chórais PPOD, is i gColáiste Cholmcille amháin atá na scoláirí cláraithe agus níl aon tagairt do Choláiste Naomh Eoin.
- b. Níl ach post freagrachta amháin sa scoil, sin Príomhoide cúnta ,agus bíonn ar an bPríomhoide cúnta seo freagracht iomlán na scoile a ghlacadh agus gníomhiú mar a bheadh súil leis ó Phríomhoide ach gan aon aitheantas ná liúntas dá gcuid oibre. (Níl sé réalaíoch go mbeadh bainistíocht Choláiste Cholmcille in ann a bheith ar an bhfód nuair a theastaíonn siad, tá tríocha míle farraige idir an dá scoil.)
- c. Le h-imeacht ama tá an gaol oibre idir an dá scoil ag laghdú mar go mbíonn ar Choláiste Naomh Eoin gníomhú as a stuaim féin cé nach bhfuil na hacmhainní ar fáil chun an obair seo a láimhseáil.
- d. Tá sé deacair curaclam leathan a sholathár de bharr easpa uaireanta múinteoireachta réasúnach. Gan an 0.5 do abhantracht comhoideachas ná 0.25 leas-phríomhoide tugtha.
- e. Níl 1.0 wte do scoil bheag tugtha.
- f. Brathann Coláiste Naomh Eoin ar lamháltais churaclaim gach bliain chun uaireanta múinteoireachta a fháil mar sin ní féidir pleanáil.
- g. Ní bhíonn Coláiste Naomh Eoin san áireamh do dheontais ná maoiniú stáit a bhronntar ar scoileanna.
- h. Níl aon cheangal idir scoláirí an dá scoil agus is go neamhsplách ar a chéile a feidhmíonn an dá scoil go laethúil, mar shampla i gComórtais náisiúnta & irl.
- i. Níl aon ionadaí ar Chomhairle na Scoláirí ag Coláiste Naomh Eoin ná ar Bhord Bainistíochta na Scoile mar nach bhféidir freastal ar chruinnuithe de bharr cúinsí tíreolaíochta.
- j. Níl Polasaí ná Pleanáil Choláiste Cholmcille feiliúnach do Choláiste Naomh Eoin.
- k. Níl an córas vsware in ann idir idirdhealú a dhéanamh idir scoláirí an dá scoil mar sin níl aon taifead leictreonach ar Scoláirí Choláiste Naomh Eoin. Níl bhíonn siad ar an rolla laethúil leictreonach seo agus ní coinnítear taifead ar thorthaí scrúduithe scoláirí an oileáin ar an gcóras leictreonach. Is i gColáiste Naomh Eoin a bhíonn na rollaí a bhaineann leis an scoil sin, déanta ar an seanchóras le lámh. Déanann an easpa aitheantas seo obair Choimisiún na Scrúduithe Stáit an-chasta mar nach mbíonn Coláiste Naomh Eoin san áireamh tráth a mbíonn scrúdaitheoirí dá gceapadh agus gur ar iarratas breise ag uair na cinniúna a dhéantar solathár do Choláiste Naomh Eoin. Tá an socrú seo baolach ó thaobh seachadadh scrúduithe idir an dá scoil, uaireanta is go leictreonach a sheoltar páipéir scrúduithe nó ar eitleán .
- l. Bíonn deacracht ó thaobh síniú oifigiúil, mar shampla seiceanna scoile a sheoladh isteach agus amach chun síniú a fháil más féidir agus impleachtaí ag baint le seiceanna réamhshínithe a fhágáil thart.
- m. Srian ar fhorbairt ghairimúil mhúinteoirí Choláiste Naomh Eoin mar nach bhfuil aon deis fhorbairt ghairimúil sa scoil.

6. Stádas DEIS

- a. Teastaíonn óna scoileanna oileánda a bheith aithnithe mar scoileanna DEIS agus na buntáistí a ghabhann leis an stádas seo a sholáthar ar na hoileáin.
- b. De bharr go bhfuil míbhuntáistí ag baint le bheith lonnaithe ar oileán ba cheart stad DEIS a bhronnadh ar na scoileanna. Tá go leor dúshláin le sarú ar nós an aimsir, múinteoirí ag taisteal, easpa seirbhísí ar an oileán.
- c. Chuideodh stádas DEIS leis an cóimheas idir múinteoirí agus daltaí do cuid de na scoileanna agus le scoláirí a spreagadh le dul ar aghaidh chuig tríú leibhéal.

7. Inrochtaineacht

- a) Teastaíonn seirbhís aeir agus farantóireacht le freastal ar riachtanais na scoile. Teastaíonn cinnteacht a bheith leis na seirbhísí go fadtéarmach agus nach mbeadh na scoileanna gach cúig/ceithre bliana ag déanamh iarrachta an tseirbhís a choinneál mar a tharla le deirneas leis an tseirbhís aeir.
- b) Is iondúil nach féidir taisteal isteach agus amach gach lá. Ní fheileann am na mbád do chlár ama na scoile.
- c) Ní féidir ionadaí a fháil ach go fíor-annamh agus ansin bíonn sé ag bráth ar aimsir.
- d) Le freastal ar chruinniú i mBAC is taisteal 2 nó 3 lá atá i gceist.
- e) Teicneolaíocht – ní bhíonn ceangal maith ar na hoileáin go ginearálta. Teastaíonn ceangal maith ins na tithe le go mbeidh scolairí in ann buntáiste a bhaint as an dteicneolaíocht sa mbaile.
- f) Bíonn se deacair tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil de bharr na haimsire agus a leithéid.
- g) Moltar struchtúr a fhorbairt don Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ina mbíonn an oiliúint ar fáil ar líne mar rogha.

Conclúid

Tá sé ríshoiléir go bhfuil an-chuid dúshláin roimh na scoileanna oileáin, dúshláin comónta idir an dá leibhéal, agus cinn ar leith a bhaineann leis na leibhéal faoi seach.

Tá sé rí-shoiléir go gcruthaíonn an suíomh oileán dua breise, agus gur gá iniúchadh a dhéanamh ar conas an saibhreas agus an tábhacht a bhaineann leis na scoileanna oileán a chaomhnú agus a fhorbairt trí struchtúr tacaíochta níos feiliúnaí mar a bhaineann le stádas neamhspleách scoile; soláthar mhúinteoirí; foireann tacaíochta; buiséad; scoláireachtaí agus liúntais.

Moltar iniúchadh a dhéanamh ar liúntas cuí do mhúinteoirí oileán, a chuirfeadh leis an mealladh dóibh cónaí agus obair ar oileán iarghúlta.

Moltar iniúchadh a dhéanamh ar an gcur chuige DEIS lena chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht I gceist leis agus go mbronntar go huathoibríoch ar scoileanna oileán é mar aitheantas ar na míbhuntáistí iliomad a bhaineann lena suíomh.

Gabhann Gaeloideachas buíochas as an deis a bheith againn ionchur a bheith againn I gceist atá fíor-thábhachtach agus criticiúil. D'fháilteois roimh an deis teacht os chomhair an Chomhchoiste leis an bplé ar na ceisteanna seo a leathnú agus chun teacht ar chomhthuiscintí ar na bealaí is éifeachtaí chun tosaigh.

Meitheamh 2017